# Brat Naomh Bhríde: Sóisir

Is í Naomh Bríd an naomh Éireannach is ansa linn.

Titeann Lá le Bríd ar an gcéad lá Feabhra.

Déantar crosa as luachra ar an lá sin.

Duine lách a bhí inti agus theastaigh uaithi a bheith ina bean rialta.

Sa deireadh, thug a hathair cead di a bheith ina bean rialta.

Tháinig Naomh Bríd ar shuíomh foirfe i gCill Dara chun a mainistreach a thógáil.

D'imigh sí léi chun an talamh a lorg ó Rí Laighean.

Bhí an talamh in aice coille, áit a mbeidís in ann adhmad a ghearradh.

Bhí sé in aice locha, áit a mbeidís in ann iascaireacht.

B'fhear santach é Rí Laighean agus ní scaoilfeadh sé leis an suíomh talún.

Rinne sé margadh léi go dtabharfadh sé an oiread talún di is a chlúdódh a brat.

Bhain Naomh Bríd an brat di agus leath sí ar an talamh é.

Lean Rí Laighean ag faire ar an mbrat agus gur chlúdaigh sé an t-uafás acra talún.

Thuig an rí ón eachtra seo go raibh Naomh Bríd beannaithe ag Dia.

Bhí áiféala air nár thug sé an suíomh di ón tús.

Thóg Naomh Bríd an mhainistir faoi chrann dara i gCill Dara.